

Ad-chiú néall neamhdha ós an raon

[Carney, James: *Poems on the Butlers: of Ormond, Cahir, and Dunboyne (A.D. 1400-1650)*, Dublin, 1945, poem 13]

An fear céadna (Eóin Ó Con Mhuighe) ar ndul Eibhlín thuas go Cill Teimhnéin

1 Ad-chiú néall neamhdha ós an raon;  
don néall-so budh neamhghar brón;  
néall sídh ón soimheach ar ndál  
do shín 'mun cclár Muimhneach mór.

2 An nuainéall nochtus a fhuirm  
d'fhuaighéal gach sochair 'nar seilbh,  
ruithne raimhín gan réim ngairbh,  
snaidhm ón léir daighshín 'na dheilbh.

3 Loise neamhdha a chrotha ad-chím,  
dealradh a bhrotha go mbuaidh,  
mar ghléaghoil ar tteacht ón tráigh;  
ní tearc fáidh dá fhéaghoin uaidh.

4 Néall ríoghna 's an ruithne shaor  
dán fíorghar soichle na síon,  
néall ón tearc confadh ar cuan,  
borrthar dá luadh an reacht ríogh.

5 An comhurtha ad-chiú san neóll  
a-niú is comhurtha ar an ccuan,  
séala ór ling turchoirthe trágh,  
murchoirthe is ágh linn dá luadh.

6 Inghean iarla oirir Mis  
na ngriangha oinigh ré ar n-ais,  
tarla don bhúidh dathghlain deis  
breis dúin nach athruigh tar ais.

7 Néall nimhe arna nochtadh dúin,  
gach file fromhtha gach fáidh,  
suan aithbhe, soirbheas san sín,  
coillmheas a ttír, tairthe a ttráigh.

8 Líonaidh trian Caisil na ccearn  
dá fhaicsin a n-iath na n-arm  
do thuile éigheadh eas ngorm,  
do theas chorm is bréigshreabh mbalbh.

9 Drúcht meala ar gach measmhoigh mhín,  
na feadha ag fearthuín a ngráin,  
teas a ngréin, bleacht-toirthe buair

dá gruaidh réidh bhreachtghoirthe bháin.

10 Baincheann Síthe bleachtghlain Buidhbh,  
fríthe fá meastair ar moirn,  
géag thimfhinngeal nár thuar spairn,  
pailm shuadh na singinghean soirbh.

11 Ríoghan Cunga, cneas mar uan,  
a searc is truma ionar ttaobh,  
an dubhmhailgheach ó Dhruim Cliabh  
'na ttuill ciabh chrunnfhailgheach claon.

12 Daoine is ceathra an chláir-se um Shiúir  
fearthar a bhfáilte dá préimh,  
cruth míndealbha nach mion rúin  
d'fhiodh túir ar bhfíneamhna féin.

13 Faoilte gan gruamdhacht gan grioth  
'mun mnaoi-se a suanghuth na sroth;  
foghar éan is bionnbhrón beach,  
sgéal do mheath lionnghlór um loch.

14 D'fháilte ón chléir chobhsaidh ód-chíd  
a céim a bhfochraibh ar bhfóid,  
sreith d'fhonnlaoidhibh suadh ros séid  
uann don ghéig fhorbhfhaoilidh óig.

15 Inghean shéimh Oilionóir dh'iocht  
's do réir roimhiodhóil ar mbocht;  
gnúis deighinshíl as saor slacht,  
níor aomh alt d'Eibhilín olc.

16 Inghean iarla Achuidh Gréag,  
riaghla a hathar ar gach fhód;  
sochruidh faoileanda a snuadh súd,  
lúb na ngruadh n-auibhealda n-óg.

17 Múr díonmhur drongán as dleacht  
don ríoghan is robhádhd'iocht;  
gabhla a fuile is phréamh don phurt,  
tréan as a n-ucht cuire cniocht.

18 Ceall Teimhnéin a foirghneamh féin,  
loingthreabh ré deighréir don dáimh,  
rob saoghlach a seilbh an mhúir  
gan teidhm lúidh d'ar n-aonbhrath áigh.

19 A mheic Phiarais, a phosda Gall,  
ar thriallais ní toisg bhun 's cionn,  
tárrus séad oileamhna d'fhonn

an ghéag throm oireaghdha fhionn.

20 Cúl foithreach fán fillte an séan,  
roimpe budh soichlioch gach síon,  
gnúis réidh re a ngabhlúigh ar ngrádh,  
mallmhuir go n-ágh don réim ríogh.

21 Dreach céille 'má n-ibhthear fhíon,  
fithcheall ar gcléire do chnámh,  
grís choguil ceardchan na ndrúadh,  
obuir shuadh fá ndeargthar dán.

22 Stuagh dhéalla do chothuigh cléir  
budh séala sochair 'mun Siúir,  
aitheasg tírim go tteas ngráidh  
'nar mheas fáidh fhírinn gach iúil.

23 Beangán 's a bhláith an gach fód,  
mo chean dán leannán an lúb;  
cruithneacht deaghloma as gaol Gréag,  
caomh an séad sealbhronna súd.

24 Craobh úr gan éalong d'fhiodh,  
plúr don sgéamhfhonn réar sgar -  
mo chean tír a ttarla a tol -  
do shín sgol na Banbha a bladh.